

### **Polasaí an Damhsa:**

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

Is é polasaí na scoile ná:

- (1) go mbeadh Damhsa Gaelach á múineadh do ghach páiste scoile i rith amantaí scoile. (ón dara téarma Rang na Naíonáin Shóisir) go Rang VI.
- (2) go mbeadh an tairgid á níoc go seachtainiúil €1.50 an cheachta, admháil tugtha ag na oidí damhsa –Bernadine agus Louise Cresham.
- (3) go mbeadh ½ ur. a chloig tugtha do gach rang ó 9:00 am Dé hAoine go 2:30 p.m.
- (4) go mbeadh cleachtadh an damhsa ar siúl ar an gclós agus sa mbaile ionas go mbeidh an 1,2,3 agus an shleaschéim ( ar a laghad) ar eolas ag gach páiste ag fágáil na scoile dóibh.
- (5) go mbeadh taithí ag gach páiste triall a bhaint as, Cos inÁirde, Staicín Eorna, Táir agus Bairr agus 1,2,3, Ionsaí na hInse, Ballaí Luimní, Suairceas na Bealtaine, Ríl Ceithre Lámha, Caip an Chúil Aird, Na Trí dTúin, Ríl Éascaí, Port, Ríl Crua, Trebbles, Lord of the Dance, Waltz agus damhsaí eile.
- (6) go mbeadh taispeántas damhsa le feiceáil ag coirmceoil na scoile nó ar ócáidí eile Gaelacha faoi stiúr na múinteoirí damhsa.
- (7) go mbeadh spreagadh ó thuistí agus múinteoirí tugtha do na páistí trí bheith bródúil agus an damhsa a chleachtadh, bheith páirteach i ndamhsaí, taithneamh agus triall a bhaint as, agus bheith páirteach i gcomórtaisí feiseanna agus rí.agus go mbeadh freastal iomlán ar an rang damhsa.
- (8) go mbeadh páistí lúfar, bríomhar, páirteach, neamhspléach, soisialta.
- (9) go mbeadh damhsa gaelach ar a dtoil ag gach páiste – buachaillí agus cailíní.
- (10) go mbeadh clár ama socruithe ag tús na bliana.